Northern Ireland Assembly

Bunscolaíocht

# Scéal an Tionóil

## Réimsí Foghlama: An Domhan Thart Orainn – Stair
## Teanga agus Litearthacht

### Cuspóirí Foghlama

**Tá muid ag foghlaim faoi:**

- réimse fianaise a úsáid leis na fáthanna a bhfuil an Tionól ann a fhiosrú;
- imeachtaí stairiúla a chur i seicheamh ar amlíne le tuiscint a fháil ar an chróineolaíocht;
- imeachtaí a thabhairt chun cuimhne i seicheamh mar chleachtadh ar chuimhne agus ar thuiscint; agus
- amharc ar chúiseanna agus ar éifeachtaí a bhaineann le hathrú thar am.

### Riachtanais Reachtúla

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, cuideoidh sin leis na riachtanais reachtúla a leanas a chomhlíonadh:

### An Domhan Thart Orainn – Stair

**Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:**

**Snáithe a Ceathair: Athrú Thar Am**

- an dóigh ar gné den dhomhan dhaonna agus nádúrtha é an t-athrú agus go bhféadfadh sé tionchar a imirt ar ár saol agus ar an domhan thart orainn; agus
- dóigheanna a dtarlaíonn athrú thar thréimhsí gearra ama agus thar thréimhsí fada ama sa domhan fhisiceach agus nádúrtha.

### Teanga agus Litearthacht

**Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:**

**Scríbhneoireacht**

- páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht mhúnlaithe, roinnte, faoi threoir agus neamhspleách agus ceapadh ar scáileán san áireamh; agus
- smaointe a chruthú, a eagrú, a bheachtú agus a chur i láthair ag úsáid modhanna traidisiúnta agus digiteacha, ag cur le chéile téacs, fuaim nó grafaicí.



## Scileanna Traschuraclaim & Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga, beidh an deis ann na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

| | |
|---|---|
| **Smaointeoireacht, Fadhbréiteach, agus Cinnteoireacht:** Cuimhne agus Tuiscint* | Agus iad ag obair le hamlínte sna Gníomhaíochtaí Ar Líne agus sna Gníomhaíochtaí Eile, beidh deis ag na páistí:<br>• faisnéis a chur i seicheamh ar amlínte staire atá níos casta a léiríonn mórathruithe agus móreachtraí;<br>• eispéiris agus scéalta ón am atá thart a thabhairt chun cuimhne agus iad a athstruchtúrú lena gcuimhne a fhorbairt;<br>• focail is frásaí a bhaineann le himeacht ama a úsáid; agus<br>• fianaise a scrúdú, naisc a dhéanamh idir cúiseanna agus éifeachtaí féideartha agus tátail a bhaint as réimse d'fhaisnéis fhíriciúil. |
| **Bainistiú Eolais**<br>Aimsiú agus Roghnú*<br><br>**Úsáid Eolais***<br><br>**Cumarsáid:**<br>Scríbhneoireacht<br><br>**Úsáid TFC:**<br>Cur in iúl | Agus iad ag úsáid na ngníomhaíochtaí ilmheán le fianaise a fhiosrú agus le taighde a dhéanamh ar fhaisnéis le halt nuachtáin/amlínte dá gcuid féin a dhéanamh, beidh deis ag na páistí:<br>• foinsí cuí faisnéise a roghnú le heolas a fháil faoi ghné den am atá thart, mar shampla, grianghraif, scannán, nó fianaise scríofa a úsáid nó cuairt a thabhairt ar mhúsaem áitiúil nó ar ionad léirithe;<br>• faisnéis a aimsiú, a shórtáil agus a chur i láthair ar dhóigheanna éagsúla, lena n-áirítear foirmeacha labhartha agus scríofa, mar shampla, líníochtaí, grianghraif nó TFC agus físeán digiteach;<br>• smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla; agus<br>• smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú go freagrach agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú. |

* Is féidir History Within The World Around Us – Progression Guidance a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.

## Achoimre

Tá dhá Ghníomhaíocht ar Líne ar fáil le Scéal an Tionóil a fhiosrú:

- Éabhlóid na Déabhlóide: amlíne mhionsonraithe, agus faisnéis inti dírithe ar dhaltaí níos sine. Mar sin féin, d'fhéadfadh na siombailí maisithe agus na háiseanna meán – grianghraif ón tseanam agus físeáin – a bheith úsáideach ag leibhéal na Bunscoile do ghníomhaíochtaí faoi threoir an mhúinteora ar an chlár bhán.
- Grianghraif ón Stair: gníomhaíocht amlíne dírithe ar pháistí Bunscoile. Cuirtear cuid de na heachtraí is tábhachtaí i mbunú Thionól Thuaisceart Éireann i láthair i leabhar scéalaíochta idirghníomhach. Glacann na páistí cóipeanna de na grianghraif sa leabhar lena gceamara ar líne. Is é an dúshlán atá rompu, iad a chur sa tseicheamh cheart nuair a bhainfidh siad an seomra dorcha amach.

Sa Ghníomhaíocht Tosaigh baintear úsáid as an amlíne Éabhlóid na Déabhlóide le scéal an Tionóil a chur i láthair agus leis an téarma 'rialtas' a fhiosrú. Is féidir leis na páistí úsáid a bhaint as an amlíne le fianaise a chuardach ar na meáin a chuideoidh lena n-imscrúdú.

Scríobhann na páistí alt do Nuacht Taistil Ama i nGníomhaíocht 1 de na Gníomhaíochtaí Eile.
I nGníomhaíocht 2, cruthaíonn siad a n-amlíne féin agus meaitseálann siad téarmaí tábhachtacha leis an tréimhse cheart.

## Gníomhaíocht Tosaigh

Mar thús, tá gníomhaíocht le déanamh faoi threoir an mhúinteora ina mbaintear úsáid as an amlíne Éabhlóid na Déabhlóide ar an chlár bhán. Is féidir an ghníomhaíocht a fháil ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann faoi **Bhunscolaíocht > Scéal an Tionóil.**

Cuir i gcuimhne don rang gur sa bhliain 1905 a thosaíonn Scéal an Tionóil sa leabhar seo. Iarr ar chuid de na daltaí na saigheada ag bun an scáileáin a úsáid le hamharc trí na blianta agus na heachtraí. Is í siombail Thionól Thuaisceart Éireann an tsiombail ag an deireadh. Mínigh do na páistí gur rialtas speisialta cumhachtroinnte é Tionól Thuaisceart Éireann nach bhfuil a leithéid le fáil áit ar bith inniu ach i dTuaisceart Éireann. Bíonn an chumhacht comhroinnte idir páirtithe aontachtacha, náisiúnacha agus páirtithe polaitíochta eile. Bhí cineálacha eile rialtais ag Tuaisceart Éireann ó cuireadh ar bun é sa bhliain 1920. Thóg sé na blianta sin ar fad, áfach, le haontú ar an chineál rialtais a mheasfadh an dá phobal i dTuaisceart Éireann a bheith cothrom:

- Cá mhéad bliain atá i gceist i Scéal an Tionóil sa leabhar seo?
- Cad chuige ar thóg sé tamall fada le cineál rialtais a aimsiú a bhféadfadh gach duine aontú air?
- Cad é a dhéanann rialtas?
- Cad is rialtas maith ann?

Iarr ar na páistí an rud is rialtas maith ann a fhiosrú, agus Meabhairmhapa* in úsáid acu. Mar shampla, ba chóir do rialtas maith:

- dlíthe a dhéanamh leis an tsaol a fheabhsú do gach duine;
- comhdheiseanna a thabhairt do gach duine;
- toghcháin rialta, chothroma a reáchtáil le hiad siúd a bheas ag obair sa rialtas a thoghadh;
- daoine a chur ar an eolas faoin obair atá ar bun aige; agus
- saoirse a thabhairt do na meáin le bheith ag tuairisciú don phobal ar obair an rialtais.

* Is féidir an leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2 a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.

Fiafraigh de na páistí cad é an cineál fianaise a chuideodh leo imscrúdú a dhéanamh lena fháil amach an raibh na smaointe ar a Meabhairmhapa i réim i dTuaisceart Éireann san am a chuaigh thart. Iarr orthu grianghraif nó físeáin a chuardach ar an amlíne Éabhlóid na Déabhlóide, an grianghraf de Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta ar scáileán 1998, mar shampla, nó físeán de na círéibeacha i nDoire ar scáileán 1969–70.

## Gníomhaíocht Ar Líne

Gabh siar ar an Ghníomhaíocht Tosaigh – an bhfuair na páistí eiseamláirí de mheáin ar amlíne Éabhlóid na Déabhlóide? Cé chomh húsáideach atá an cineál seo fianaise le heachtraí san am atá thart a fhiosrú?

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a bheith ina ngrianghrafadóirí amthaistil. Iarr orthu an ghníomhaíocht Grianghraif Staire a rochtain faoin rannán **Bunscolaíocht > Scéal an Tionóil** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann. Is féidir é sin a dhéanamh ina n-aonar nó i bpéirí.

Taispeáin scáileán na dtreoracha don rang lena chinntiú go dtuigeann na páistí an dóigh leis an ghníomhaíocht a úsáid. Is é an cuspóir atá acu taighde a dhéanamh ar gach eachtra sa leabhar agus grianghraf a ghlacadh leis an cheamara lena thaifeadadh. Le grianghraf a ghlacadh d'eachtra caithfidh siad:

- ainliú os cionn an ghrianghraif leis an cheamara a fheiceáil; agus
- brúigh le "Grianghraf" a ghlacadh den eachtra sin.

Rachaidh siad ar aghaidh chuig an tseomra dhorcha nuair a bheidh gach ceann de na hocht ngrianghraf glactha acu. Is é an dúshlán atá rompu ansin, brú ar na grianghraif agus iad a tharraingt chuig an dáta cheart ar an líne lena gcur i seicheamh. Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil sé tábhachtach leathanaigh an leabhair a léamh. Má chuimhníonn siad ar an rud atá léirithe i ngach grianghraf, cuideoidh sin leo cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit lena chur; mar shampla, tiocfaidh An Dara Cogadh Domhanda in 1939 roimh na Sosanna Cogaidh in 1994. An dtig leo cuimhneamh ar an ord cheart gan an leabhar a sheiceáil le cuidiú a fháil?

## Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile sa rannán **Bunscolaíocht** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann a d'fhéadfadh bheith bainteach leis an ghníomhaíocht seo:

**Éabhlóid na Déabhlóide**
Amlíne mhionsonraithe de na heachtraí stairiúla 1900–1999 a chríochnaigh le bunú Thionól Thuaisceart Éireann.

**Cé a Dhéanann na Cinntí?**
Foghlaim níos mó faoi na cinntí a bhfuil freagracht ag Tionól Thuaisceart Éireann astu sa phobal áitiúil inniu.

## Gníomhaíochtaí Eile

Mar achoimre ar an Ghníomhaíocht Ar Líne, fiafraigh de na páistí an raibh siad ábalta na grianghraif a chur san ord cheart gan spléachadh a thabhairt ar an leabhar. An dóigh mhaith, dar leo, le hord na n-eachtraí a chur de ghlanmheabhair an téacs a léamh agus an pictiúr a bhreathnú ag an am chéanna? Cad chuige?

**Gníomhaíocht 1**

Iarr ar na páistí ceann de na grianghraif a ghlac siad mar ghrianghrafadóirí amthaistil a roghnú in 1922, 1939 nó 1995 a roghnú. Tá siad ag dul a bhaint úsáid as an ghrianghraf le halt a scríobh do Nuacht Taistil Ama faoin athrú a tháinig ar Fhoirgnimh na Parlaiminte le himeacht ama. Ba cheart go mbeadh na rudaí seo a leanas san alt:

- tuairisc ar an dóigh ar athraíodh dealramh agus/nó feidhm Fhoirgnimh na Parlaiminte mar gheall ar an eachtra a roghnaigh siad;
- cur síos ar dhóigh ar bith a ndeachaigh an t-athrú sin i bhfeidhm san fhadtréimhse ar an fhoirgneamh;
- an grianghraf ón turas taistil ama a rinne siad; agus
- ráitis ó dhaoine a dtiocfadh leis na páistí labhairt leo agus iad ag glacadh an ghrianghraif – thig leis an Ghníomhaíocht Roghnach cuidiú leo an smaoineamh seo a fhorbairt.

Is féidir grianghraif eile d'Fhoirgnimh Pharlaiminte a íoslódáil ó rannán **Múinteoirí > Bunscolaíocht** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann. Tá zipchomhad áiseanna ar fáil sa cholún Scéal an Tionóil sa tábla.

Ba cheart do na páistí úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí Grianghraif ón Stair agus Éabhlóid na Déabhlóide le taighde a dhéanamh agus eolas á chuardach acu dá gcuid alt. Mar shampla, tá fianaise le fáil i ngrianghraf ar an dóigh a bhfuil iarsmaí den phéint dhubh fágtha ar chlocha Fhoirgnimh na Parlaiminte inniu ach cuardach a dhéanamh ar scáileán 1932–41 in amlíne Éabhlóid na Déabhlóide. Ar na foinsí eile fianaise, tá an leabharlann nó an t-idirlíon nó cuairt a thabhairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte.

Ba cheart do na páistí TFC a úsáid le taighde a dhéanamh dá n-alt agus lena fhoilsiú mar thaispeántas.

### Gníomhaíocht Roghnach

Nuair a bheidh taighde déanta ag na páistí ar gach eachtra, d'fhéadfaí an fhaisnéis a úsáid le hagallaimh i bhfoirm rólimeartha a dhéanamh le daoine a dtiocfadh leo aithne a chur orthu agus iad i mbun taisteal ama. Mar shampla:

- duine de lucht tógála an fhoirgnimh úir;
- oibrithe a bhí ag péinteáil Fhoirgnimh na Parlaiminte le péint déanta as aoileach bó;
- an maor a bhí i mbun na hoibre athchóirithe ar Halla an Tionóil i ndiaidh an dóiteáin; agus
- polaiteoirí tábhachtacha a bhí i láthair ag na heachtraí, Sir James Craig, mar shampla, mar chéad Phríomh-Aire ag Foirgnimh na Parlaiminte, Sir Basil Brooke mar Aire Talmhaíochta ag amharc ar an talamh á threabhadh taobh amuigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte le linn an fheachtais Dig for Victory, nó Sir Patrick Mayhew mar an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann ag déanamh ráitis faoin dóiteán ag Foirgnimh na Parlaiminte sa bhliain 1995.

Cuir na daltaí ina mbeirteanna. Stiúir na páistí agus iad ag smaoineamh ar na daoine arbh fhiú agallamh a chur orthu don alt agus ar na ceisteanna a chuirfeadh siad le dearcadh na ndaoine sin ar an eachtra a fháil. Nuair a bheidh siad ullmhaithe, déanfaidh na páistí rólimirt ar a seal ar an tuairisceoir agus an agallaí. Ba cheart dóibh sleachta a bhailiú ó na hagallaimh le cur isteach ina n-alt i Nuacht Taistil Ama.

Mar achoimre, iarr ar na páistí aiseolas a thabhairt faoina gcarachtair agus faoina gceisteanna. Pléigh an luach atá ar fhianaise ó bhéal mar fhoinse eolais eile faoin am atá thart.

Northern Ireland Assembly

Bunscolaíocht

**Gníomhaíocht 2**

Gabh siar ar an Ghníomhaíocht Tosaigh, go háirithe an Meabhairmhapa faoi cad is rialtas maith ann. Nuair a d'fhiosraigh na páistí na grianghraif agus an físeán ar an amlíne Éabhlóid na Déabhlóide, an raibh sé le tuiscint ón fhianaise go raibh gach duine sásta leis an rialtas? Mar shampla, más cosúil ón ghrianghraf de Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta ar scáileán 1998 go raibh siad sásta, cad é faoin fhíseán de na círéibeacha i nDoire ar scáileán 1969–70?

Is rialtas cumhachtroinnte é Tionól Thuaisceart Éireann a aontaíodh i gComhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta. Vótáil muintir Thuaisceart Éireann le rialtas a chruthú ina mbeadh an chumhacht á roinnt idir aontachtaithe agus náisiúnaigh.

Níor rialtas cumhachtroinnte é chéad Rialtas Thuaisceart Éireann agus níor mhothaigh an pobal náisiúnach go raibh comhchearta acu. Nuair a thosaigh na Trioblóidí, cuireadh Rialtas Thuaisceart Éireann ar fionraí agus ghlac an Rialtas i Londain freagracht as Tuaisceart Éireann a rialú. Tugadh Riail Dhíreach air sin agus, mar gheall air, rinneadh na dlíthe uilig faoi choinne Thuaisceart Éireann i Londain.

### Focail agus Frásaí Úra


**Rialtas**
**Riail Dhíreach**
**Cumhachtroinnt**

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a tharraingt Amlíne Rialtais leis an dóigh ar athraigh rialtas Thuaisceart Éireann le himeacht ama a thaispeáint. Leis an amlíne a chruthú:

- tarraing líne i lár an leathanaigh; agus
- marcáil na teidil agus na dátaí ó Ghrianghraif na Staire feadh na hamlíne.

Fág spás faoin amlíne leis na cártaí ó Áis 1 a chur isteach. B'fhéidir gur mhaith leis na páistí siombailí dathannacha a chruthú fosta le gach eachtra a léiriú os cionn a n-amlíne. Thiocfadh leo na híomhánna in amlíne Grianghraif ón Stair agus san amlíne Éabhlóid na Déabhlóide a úsáid le smaointe a fháil.

Tabhair isteach na cártaí in Áis 1. Bain úsáid as an leabhar Grianghraif ón Stair leis na páistí le taighde a dhéanamh ar an am a raibh Tuaisceart Éireann faoi Riail Dhíreach an rialtais i Londain. Taispeáin sampla den dóigh ar chóir dóibh saighead dhearg a tharraingt faoin tréimhse agus an cárta Riail Dhíreach a chur thíos faoi.



Anois, iarr ar na páistí úsáid a bhaint as an leabhar Grianghraif ón Stair le taighde a dhéanamh ar an áit ar cheart na saigheada a tharraingt agus an dá chárta atá fágtha a chur ar an amlíne. Leis an ghníomhaíocht a chríochnú, nuair a bheidh na cártaí uilig in áit, bain úsáid as Grianghraif ón Stair agus as na hamlínte críochnaithe le plé a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad chuige ar tháinig deireadh le céad Rialtas Thuaisceart Éireann?
- Cad é atá difriúil faoi rialtas úr Thuaisceart Éireann?
- An dtig leo ceann ar bith de na heachtraí ba chúis leis an athrú seo a ainmniú?

**Gníomhaíocht Shínte**

Bain úsáid as an ghníomhaíocht Cé a Dhéanann na Cinntí ón rannán Bunscolaíocht de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann le fiosrú a dhéanamh ar thionchar Thionól Thuaisceart Éireann a bheith ann le cinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar an phobal áitiúil. Tugtar mionsonraí fosta ar na cinntí a dhéanann Parlaimint an RA agus Parlaimint na hEorpa.

## Áis 1: Amlíne an Rialtais

Rialtas Thuaisceart Éireann



Riail Dhíreach



Rialtas Cumhachtroinnte Thuaisceart Éireann

